Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

P9_TA(2022)0142

Sainordú Europol a neartú: comhar le páirtithe príobháideacha, próiseáil sonraí pearsanta, agus tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (COM(2020)0796 – C9-0401/2020 – 2020/0349(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2022/C 465/23)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0796),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 88 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0401/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 11 Feabhra 2022 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0290/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag tabhairt dá haire na ráitis ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. ag tabhairt dá haire na ráitis ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

P9_TC1-COD(2020)0349

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Bealtaine 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/991.)

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráitis ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an tsásra lenar féidir le Europol moltaí a dhéanamh go n-eiseofar foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen

Mar chuid den mheastóireacht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2016/794, trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, tuairisceoidh an Coimisiún ar thionchar oibríochtúil an tsásra nua a bhunaítear le hAirteagal 4(1)(r) de Rialachán (AE) 2016/794. Faoin sásra sin, féadfaidh Europol a mholadh do na Ballstáit, ar bhonn sonraí a fhaigheann Europol ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, foláirimh faisnéise a chur isteach chun leas an Aontais i gCóras Faisnéise Schengen maidir le daoine atá páirteach sa sceimhlitheoireacht nó i gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe. Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht sin ar bhonn tuarascálacha a sholáthróidh Europol maidir leis na moltaí a bheidh déanta le haghaidh foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen agus maidir leis na foláirimh a bheidh curtha isteach ag na Ballstáit ina dhiaidh sin i gCóras Faisnéise Schengen.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gcaidreamh idir Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

I dtuairim an Choimisiúin, ní féidir leis na forálacha maidir leis an gcaidreamh idir Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE"), mar a leagtar amach in Airteagal 20a de Rialachán (AE) 2016/794, na hoibleagáidí ar Europol a eascraíonn as Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a theorannú, agus dá bhrí sin déanfar iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Airteagal deireanach sin.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na forálacha i ndáil le comhar Europol le tríú tíortha

A mhéid a bhaineann le rialacha maidir le comhar Europol le tríú tíortha, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gá le comhaontú idirnáisiúnta faoi Airteagal 218 den Chonradh i gcás aon aistriú sonraí pearsanta ó Europol chuig tríú tír ar bhonn "ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí", mar a fhoráiltear dó cheana in Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/794. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, maidir le haon aistriú sonraí pearsanta ó Europol chuig tríú tír ar bhonn measúnú ar choimircí iomchuí arna ndéanamh ag Europol, nach mór na ceanglais a leagtar amach i gcásdlí [2] Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, rud a fhágann go gceanglaítear ar Europol a chinneadh go soláthraíonn an leibhéal cosanta sonraí sa tríú tír coibhéis bhunúsach ó thaobh na cosanta sonraí de. Má cheadaítear aistrithe sonraí ar bhonn measúnú den chineál sin gan gá a bheith ann réamhthoiliú a fháil ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí mar a fhoráiltear dó le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2016/794, beidh baol ann go ndéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí idirghabháil ina dhiaidh sin ar bhonn measúnú éagsúil ar na coimircí cosanta sonraí agus d'fhéadfadh sin tionchar diúltach a imirt ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gcomhar idir Europol agus Interpol a neartú

Meabhraíonn an Coimisiún go bhféachann sé, sa chaibidlíocht leanúnach maidir le comhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL), agus i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a thug an Chomhairle [3], leis an gcomhar idir Europol agus Interpol a neartú, agus na forbairtí is déanaí maidir leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe trasteorann agus trasnáisiúnta a chomhrac á gcur san áireamh aige, mar aon leis na riachtanais oibríochtúla atá ann faoi láthair agus le sainordú Europol. Tá an Coimisiún ag iarraidh a áirithiú, i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a thug an Chomhairle [4], go soláthraítear leis an gcomhaontú an bunús dlí chun Europol a údarú chun rochtain a fháil ar bhunachair sonraí ábhartha Interpol chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.

---

[1] Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1)

[2] Tuairim 1/15, *Comhaontú PNR AE agus Ceanada*, EU:C:2017:592 (26.7.2017); breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Schrems*, C-362/14, EU:C:2015:650; breithiúnas an 16 Iúil 2020, C-311/18, *Schrems II*, EU:C:2020:559.

[3] Cinneadh (AE) 2021/1312 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL).

[4] Cinneadh (AE) 2021/1312 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú comhair idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (ICPO-INTERPOL).

Dé Céadaoin 4. Bealtaine 2022

Ráiteas ón gComhairle maidir leis na fógraí dearga ó Interpol faoi chuimsiú ghlacadh Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])

I gcomhthéacs an chomhair leanúnaigh idir an tAontas agus Interpol, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag Interpol maidir le sásraí inmheánacha a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh – sula bhfoilseofar agus sula scaipfear na fógraí dearga – ar aon sárú ar bhunreacht Interpol. Leanfaidh na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt do Interpol maidir leis na hiarrachtaí sin, agus is díol sásaimh dóibh gur chuir ionadaí de chuid Interpol eolas ar fáil, ar leibhéal na meithle Comhairle, maidir le hiarrachtaí Interpol chun mí-úsáid na bhfógraí dearga ar chúiseanna polaitiúla nó chun sárú ar chearta an duine a chosc, agus iarrann siad go ndéanfar malartú leanúnach tráthrialta ar an ábhar idir Interpol agus na "Biúrónna Lárnacha Náisiúnta", chun tuilleadh feasachta a mhúscailt faoin ngníomhaíocht atá le déanamh ag na Ballstáit i gcomhar le Interpol. Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do Interpol caighdeáin agus nósanna imeachta reatha INTERPOL maidir le cáilíocht agus comhlíontacht sonraí a chur chun cinn agus iarrfaidh sí ar Interpol ar bhonn tráthrialta an Chomhairle a chur ar an eolas ar leibhéal na meithle.

([5]) Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1)